
# Cá bhfuil Aoibheann?

Séideán Sí



Áine Ní Shioradáin

Peter Donnelly a mhaisigh

# Cá bhfuil Aoibheann?





Áine Ní Shioradáin
Peter Donnelly a mhaisigh

An Gúm
Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2006

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2006

Athchló 2013

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Peter Donnelly

PB Print a chlóbhuail in Éirinn

**An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**




Lá breá samhraidh a bhí ann.
'Níor cheart a bheith istigh lá breá mar seo,' arsa Daidí. 'Tabharfaidh mé Aoibheann amach ag siúl.'

‘Ach caithfidh tusa fanacht anseo,’ arsa Daidí le Glic.

‘Glic bocht!’ arsa Aoibheann. ‘Ba mhaith leis dul amach ag siúl.’

‘Caithfidh sé fanacht anseo,’ arsa Daidí. ‘Bíonn sé ag troid le madraí eile.’

‘Bhuf! Bhuf!’ arsa Glic.





‘Isteach leat sa bhugaí,’ arsa Daidí le hAoibheann.



Ach ní mó ná sásta a bhí Aoibheann. ‘Ní maith liom an bugaí,’ ar sise agus thosaigh sí ag béiceadh.




Rug Daidí ar Aoibheann agus chuir sé isteach sa bhugaí í.

‘Cá bhfuilimid ag dul?’
a d’fhiafraigh Aoibheann
tar éis tamaill.
‘Go dtí an siopa,’ arsa Daidí.
‘Caithfidh mé an páipéar
a cheannach.’
Bhí Aoibheann breá sásta nuair
a chuala sí é sin.
‘Is maith liomsa an siopa,’ ar sise.





Ó Máille

Nuair a chonaic Aoibheann
na milseáin ar fad thosaigh sí
ag béiceadh arís.
‘Tá milseáin uaim,’ ar sise, ‘ceann
acu sin agus ceann acu sin agus
ceann acu sin!’
‘Ná bac leo sin. Níl siad go maith
duit,’ arsa Daidí agus amach an
doras leo.





‘Cá bhfuilimid ag dul anois?’
a d’fhiafraigh Aoibheann
tar éis tamaill.
‘Ag siúl sa pháirc,’ arsa Daidí.
Bhí Aoibheann breá sásta nuair
a chuala sí é sin.
‘Is maith liomsa an pháirc,’ ar sise.







Nuair a shroich siad an pháirc scaoil Daidí Aoibheann amach as an mbugaí.

'Seo anois. Tabharfaimid bia do na lachain ar dtús,' arsa Daidí.



Siúd leo go dtí an loch. Thug
Aoibheann arán do na lachain.
'Is maith liomsa na lachain,' ar sise.



Faoin am seo bhí Daidí bocht tuirseach.

'Bí ag rith leat ansin,' ar seisean le hAoibheann, 'agus léifidh mise an páipéar. Maith an cailín.'



Bhí Aoibheann breá sásta léi féin. Chonaic sí féileacán agus rith sí ina dhiaidh. Chonaic sí beach agus rith sí ina diaidh.

'Is maith liom an pháirc,' arsa Aoibheann.



Is ansin a chonaic Aoibheann an madra.

'A Dhaidí,' ar sise. 'Tá Glic anseo. Tá Glic anseo!'

Ach níor chuala Daidí í. Bhí sé ag léamh an pháipéir.



‘Tar anseo, a Ghlic,’ arsa Aoibheann leis an madra. ‘Tar anseo.’

Ach rith an madra uaithi.

Rith Aoibheann ina dhiaidh.


Tar éis tamaill leag Daidí uaidh an páipéar.

'A Aoibheann,' arsa Daidí. 'Tá sé in am againn a bheith ag dul abhaile.'


Ach tásc ná tuairisc ní raibh ar Aoibheann.

'A Aoibheann!' ar seisean arís.

Ach tásc ná tuairisc ní raibh ar Aoibheann.







Léim Daidí ina sheasamh. Bhí
a chroí ina bhéal aige.
'Cá bhfuil tú, a Aoibheann?
Cá bhfuil tú?' ar seisean.

Daidí bocht! Rith sé go dtí an loch agus a chroí ina bhéal aige.



'Cá bhfuil tú, a Aoibheann? Cá bhfuil tú?' ar seisean. Ach tásc ná tuairisc ní raibh ar Aoibheann.

Rith Daidí go dtí an fhaiche imeartha. Bhí a chroí ina bhéal aige. Ansin chuala sé madra ag tafann. Chuala sé cailín beag ag gáire.


‘A Aoibheann!’ arsa Daidí.

‘An tusa atá ansin?’





An tusa atá ansin?

‘Is mé,’ arsa Aoibheann. ‘Agus, a Dhaidí, fuair mé deartháir nua do Ghlic! Ceolán an t-ainm atá air.’








‘Ó, a Aoibheann!’ arsa Daidí. ‘Tá tú slán sábháilte. Buíochas le Dia!’

‘Bhuf! Bhuf!’ arsa Ceolán.

*‘Níor cheart a bheith istigh lá breá mar seo,’ arsa Daidí. ‘Tabharfaidh mé Aoibheann amach ag siúl.’*

An Gúm